Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2579

16.12.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/2579 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2), pointe (g), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1639 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO ([2]).

(2) Foráiltear le hAirteagail 7(2), pointe (a), den Chinneadh sin nach bhféadfaidh eintitis a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO tar éis an 31 Nollaig 2025 ach ar bhonn conarthaí a tugadh i gcrích nó nósanna imeachta soláthair a seoladh roimh an dáta sin.

(3) Ar mhaithe le cur chun feidhme leanúnach thionscadail PESCO, is gá na forálacha sin a leasú ionas go mbeidh eintitis in ann a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO go dtí an 31 Nollaig 2030,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 7(2) de Chinneadh (CBES) 2020/1639, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ní fhéadfaidh eintitis a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO tar éis an 31 Nollaig 2030 ach ar bhonn conarthaí a tugadh i gcrích nó nósanna imeachta soláthair a seoladh faoin dáta sin.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2315/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle an 5 Samhain 2020 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO (IO L 371, 6.11.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1639/oj).